An Rialálaí Carthanas
Charities Regulator

# Sonraí Cruinnitheoirí Airgid a Chothabháil – Treoir Úsáideora

# User Guide – Maintain Fundraiser Details

## Gaeilge

## English

[Gaeilge]

# User Guide – Maintain Fundraiser Details

Use this form to update fundraising information such as adding or removing professional fundraisers.

In this form there are two sections to be completed: Maintain Fundraisers and Declaration.



## 1. Maintain Fundraisers

You will need to select all of those fundraising methods that your charity intends to undertake. If you intend to use a method not included in the drop-down menu please select other and elaborate upon this in the subsequent box using keywords only. You are then required to indicate if your organisation uses personal fundraisers or any professional fundraising services.

Personal fundraisers are individuals who fundraise on behalf of your organisation. A professional fundraising service is an organisation which carries out fundraising as its business and fundraises for your organisation under a contract.

You can then add, update and delete fundraising services. If you are adding a professional fundraising service you will be required to upload a copy of the contract/agreement you have put in place with that service provider. Documents for upload must be in PDF and less than 10mb in size.

## 2. Declaration

This section allows you to review and certify the information you have provided. If you are satisfied that it is correct, and it has been approved by the trustees for submission, you should submit your changes. The privacy terms and Statement of Information Practices should be read and accepted.

Once you are satisfied with this you can click on 

to download a PDF of your information.

Then click on 

to submit your application to the Charities Regulator.

[English](#)

# Sonraí Cruinnitheoirí Airgid a Chothabháil – Treoir Úsáideora

Bain úsáid as an bhfoirm seo chun faisnéis cruinnithe airgid a nuashonrú, mar shampla cruinnitheoirí airgid gairmiúla a chur leis nó a bhaint.

Tá dhá rannán le comhlánú san fhoirm seo: Cothabháil - Cruinnitheoirí Airgid agus Dearbhú.



## 1. Cothabháil - Cruinnitheoirí Airgid

Beidh ort na modhanna cruinnithe airgid uile a bhfuil sé beartaithe ag do charthanas úsáid a bhaint astu a roghnú. Má tá sé beartaithe agat úsáid a bhaint as modh nach bhfuil tugtha sa roghchlár anuas, roghnaigh ‘eile’ agus tabhair tuilleadh sonraí faoin modh sin sa bhosca a thiocfaidh aníos, gan ach eochairfhocail amháin a úsáid.  Ceanglófar ort a shonrú ansin cé acu a úsáideann nó nach n-úsáideann d’eagraíocht aon chruinnitheoirí airgid pearsanta nó aon seirbhísí cruinnithe airgid gairmiúla.

Is é is cruinnitheoirí airgid pearsanta ann ná daoine aonair a chruinníonn airgead thar ceann d’eagraíochta. Is é is seirbhís cruinnithe airgid ghairmiúil ann ná eagraíocht a sheolann gníomhaíochtaí cruinnithe airgid mar ghnó aici agus, ag gníomhú di faoi chonradh, a chruinníonn airgead do d’eagraíocht.

Is féidir leat seirbhísí cruinnithe airgid a chur leis, a nuashonrú agus a scriosadh ansin. Má tá seirbhís cruinnithe airgid ghairmiúil á cur leis, ceanglófar ort cóip a uaslódáil den chonradh/den chomhaontú atá i bhfeidhm agat leis an soláthraí seirbhíse sin. Maidir le haon doiciméid atá le huaslódáil, ní mór go mbeidh siad i bhformáid PDF agus go mbeidh níos lú ná 10 MB iontu.

## 2. Dearbhú

Sa rannán seo, is féidir leat an fhaisnéis atá tugtha agat a athbhreithniú agus a dheimhniú. Más deimhin leat go bhfuil an fhaisnéis ceart, agus má cheadaigh na hiontaobhaithe í lena cur isteach, ba cheart duit d’athruithe a chur isteach. Ba cheart na téarmaí príobháideachais agus an Ráiteas faoi Chleachtais Faisnéise a léamh agus ba cheart glacadh leo.

A luaithe atá tú sásta leis sin, is féidir leat cliceáil ar 

chun d’fhaisnéis a íoslódáil i bhformáid PDF.  Cliceáil ar 

ansin chun d’iarratas a chur faoi bhráid an Rialálaí Carthanas.